



Na Scileanna Traschuraclaim a Mheasúnú



Curaclam
Thuaisceart Éireann

Leibhéal de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte
sa Chumarsáid trasna an Churaclaim
sna Gaelscoileanna:
Eochairchéim 3 (Leibhéal 1-7)

Scríbhneoireacht

(Treoir Neamhrechtúil)

Leagan Gréasáin



Scríbhneoireacht

Eochairchéim 3 (Leibhéal 1-7)

Aidhm na Cáipéise seo

Tá an treoir seo a leanas ann le tacú le múinteoirí agus iad ag déanamh measúnú ar dhaltaí de réir na Leibhéil de Dhul Chun Cinn don Chumarsáid.

Tugann an treoir seo míniú agus eiseamláiriú níos mine ar na critéir a bhaineann leis na Leibhéil de Dhul Chun Cinn. Is ar mhaithe le cúrsaí léiriúcháin amháin atá na samplaí ann. Léiríonn siad roinnt dóigheanna ina dtig le daltaí cumas a léiriú ag leibhéal ar leith.

Leibhéal de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte

Riachtanais le hAghaidh Cumarsáide

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna a fhorbairt in:

Scríbhneoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

Leibhéal 1	
<ul style="list-style-type: none">labhairt ar obair, í a phleanáil agus a chur in eagar;	<ul style="list-style-type: none">labhairt ar a bhfuil siad ag dul a scríobh; Labhraíonn daltaí leis an mhúinteoir nó lena gcomhdhaltaí faoin rud ba mhaith leo a chur in iúl ina gcuid scríbhneoireachta, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá.
<ul style="list-style-type: none">faisnéis, brí, mothúcháin, samhluithe agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh shoiléir eagraithe;	<ul style="list-style-type: none">smaointe, mothúcháin agus idéanna óna n-eispéiris féin a chur in iúl trí úsáid a bhaint as siombailí, pictiúir, focail, agus abairtí simplí; Baineann daltaí úsáid as siombailí, pictiúir, focail, frásaí nó abairtí simplí lena dteachtairacht a chur in iúl.
<ul style="list-style-type: none">smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus i láthair i bhfoirmeacha agus i bhformáidí éagsúla, agus acmhainní traidisiúnta agus digiteacha in úsáid le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla;	
<ul style="list-style-type: none">scríobh le cruinneas agus le hoilteacht atá ag méadú.	<ul style="list-style-type: none">tabhairt faoi scríobh focal le fuaim a cheangal le siombail; Tig le daltaí tabhairt faoi fhocail a scríobh agus iad ag baint úsáid as an eolas atá acu ar na fuaimeanna atá ag litreacha.tabhairt faoi eochairfhocail phearsanta a scríobh; Tig le daltaí focail a fheiceann agus a úsáideann siad go minic a scríobh, a n-ainmneacha féin, nó ainm peata, focail a fheiceann siad sa timpeallacht, mar shampla.litreacha cás íochtair agus litreacha cás uachtair a dhéanamh. Tig le daltaí a léiriú go bhfuil smacht éigin acu ar mhéid, cruth agus treoshuíomh litreacha cás íochtair agus litreacha cás uachtair.

Scríbhneoireacht Leibhéal 1-7

Leibhéal 2	Leibhéal 3
<p>I réimse d'fhoirmeacha, agus struchtúr agus eagrú simplí in úsáid, tig le daltaí:</p>	<p>I réimse d'fhoirmeacha, le haghaidh cuspóirí ar leith, tig le daltaí:</p>
<ul style="list-style-type: none"> • labhairt ar a bhfuil siad ag dul a scríobh agus ar an dóigh a gcuirfidh siad an scríbhneoireacht i láthair; Tig le daltaí labhairt ar a gcuid smaointe agus iad a fhorbairt trí cheisteanna treoracha agus spreagthaigh ón mhúinteoir nó óna gcomhghleacaithe a fhreagairt. • athruithe a dhéanamh de réir critéir chomhaontaithe; Téann daltaí siar agus tugann siad aird ar ghné ar leith scríbhneoireachta a comhaontaíodh a bheith tábhachtach agus seiceálann siad í, ag déanamh athruithe de réir mar is cuí, abairtí a thosú le ceannlitir, mar shampla, agus iad a chríochnú le lánstad. 	<ul style="list-style-type: none"> • labhairt ar a gcuid scríbhneoireachta agus í a phleanáil; Tig le daltaí a gcuid scríbhneoireachta a phleanáil trí cheistiú, spreagthaigh agus frámaí a úsáid, agus tig leo iarracht éigin a dhéanamh an phleanáil a léiriú ina gcuid scríbhneoireachta. • feabhsuithe a dhéanamh ar a gcuid scríbhneoireachta; Tig le daltaí a gcuid oibre a athrú lena feabhsú i dtaca le cuspóirí foghlama agus critéir ratha de.
<ul style="list-style-type: none"> • smaointe, mothúcháin agus idéanna óna n-eispéiris féin a chur in iúl, agus stór focal simplí in úsáid; Tig le daltaí athinsint shimplí a scríobh ar a n-eispéiris féin, mar shampla, agus úsáid a bhaint as stór focal ábhartha lena gcuid smaointe agus mothúchán a chur in iúl. • ciall áirithe don struchtúr agus don eagrú a léiriú; Tig le daltaí a gcuid scríbhneoireachta a eagrú mar is cuí don seánra, tuairisc shimplí a scríobh ar ainmhní, mar shampla, ina gcuimsítear cur síos, gnáthóg, iompar agus ráiteas deiridh. 	<ul style="list-style-type: none"> • smaointe, mothúcháin, idéanna agus barúlacha a chur in iúl; Tig le daltaí a gcuid smaointe, mothúchán, idéanna agus barúlacha a chur in iúl ar thopaicí nach mbaineann go díreach lena n-eispéireas féin, tig leo i ndiaidh rólghlacadh, mar shampla, scríobh faoi lá i saol duine a d'imir tionchar orthu. • struchtúr agus ord a chur ar a gcuid scríbhneoireachta; Tig le daltaí scríbhneoireacht a struchtúrú mar is cuí don seánra, a chinntiú, mar shampla, go bhfuil tús, lár, agus deireadh ann más insint atá i gceist. • mionsonraí tacaithe a chur ar fáil; • stór focal cuí atá ag méadú a úsáid; Úsáideann daltaí teanga a chuireann míniú agus cur síos breise ar fáil, rud a fhágann go bhfuil a gcuid scríbhneoireachta níos suimiúla don léitheoir.
<ul style="list-style-type: none"> • scríobh i bhfoirm áirithe; 	<ul style="list-style-type: none"> • an fhoirm a úsáid mar is cuí; Tig le daltaí scríobh i bhfoirm áirithe agus riachtanais na gcritéir ratha a chomhlíonadh, mar shampla, litir, liosta, dialann, scéal srl.
<ul style="list-style-type: none"> • poncaíocht bhunúsach a úsáid; Baineann daltaí úsáid as ceannlitreacha agus lánstadanna. • focail choitianta agus focail atá ar eolas acu a litriú agus a scríobh go hinaitheanta; Scríobhann daltaí ar dhóigh a fhágann gur féidir focail choitianta a bhfuil mílitríú iontu a léamh agus a thuiscint toisc iad a bheith inléite ó thaobh na foghraíochta de, <i>madadh</i>, mar shampla, a bheith scríofa mar <i>madú</i>. • peannaireacht inléite a dhéanamh. Léiríonn daltaí go bhfuil smacht acu ar phróiseas fisiceach na peannaireachta agus scríobhann siad sa dóigh gur féidir a gcuid oibre a léamh go furasta. 	<ul style="list-style-type: none"> • tús abairtí éagsúla a úsáid; Tig le daltaí tús a chur le habairtí ar bhealaí éagsúla le go mbeidh an scríbhneoireacht níos suimiúla agus le hathrú a sheachaint. • poncaíocht agus gramadach bhunúsach a úsáid go cruinn; Tig le daltaí ceannlitreacha, lánstadanna, comharthaí ceiste agus comharthaí uailbhreasa a úsáid. Tig le daltaí gramadach bhunúsach a úsáid amhail 'Rinne mé' / 'Ní dhearna mé'. Tig le daltaí abairtí a scríobh agus iad ag baint úsáid chuí as briathra, ainmfhocail, aidiachtaí agus dobhriathra. • focail mhinice agus focail topaice a litriú agus a scríobh i gceart; Tig le daltaí straitéisí éagsúla litrithe agus a gcuid eolais ar chúrsaí fónaice a úsáid le focail a litriú mar is ceart. Tá siad eolach ar an dóigh le háiseanna a úsáid le litriú a sheiceáil más gá. • peannaireacht chruinn atá comhsheasmhach maidir le méid a dhéanamh.

Leibhéal de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte

Scribhneoireacht Leibhéal 1-7

Riachtanais le hAghaidh Cumarsáide

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna a fhorbairt in:

Scribhneoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

Leibhéal 3	
I réimse d'fhoirmeacha, le haghaidh cuspóirí ar leith, tig le daltaí:	
<ul style="list-style-type: none"> labhairt ar obair, í a phleanáil agus a chur in eagar; 	<ul style="list-style-type: none"> labhairt ar a gcuid scríbhneoireachta agus í a phleanáil; Tig le daltaí a gcuid scríbhneoireachta a phleanáil trí cheistiú, spreagthaigh agus frámaí a úsáid, agus tig leo iarracht éigin a dhéanamh an phleanáil a léiriú ina gcuid scríbhneoireachta. feabhsuithe a dhéanamh ar a gcuid scríbhneoireachta; Tig le daltaí a gcuid oibre a athrú lena feabhsú i dtaca le cuspóirí foghlama agus critéir ratha de.
<ul style="list-style-type: none"> faisnéis, brí, mothúcháin, samhluithe agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh shoiléir eagraithe; 	<ul style="list-style-type: none"> smaointe, mothúcháin, idéanna agus barúlacha a chur in iúl; Tig le daltaí a gcuid smaointe, mothúchán, idéanna agus barúlacha a chur in iúl ar thopaicí nach mbaineann go díreach lena n-eispéireas féin, tig leo i ndiaidh rólghlacadh, mar shampla, scríobh faoi lá i saol duine a d'imir tionchar orthu. struchtúr agus ord a chur ar a gcuid scríbhneoireachta; Tig le daltaí scríbhneoireacht a struchtúrú mar is cuí don seánra, a chinntiú, mar shampla, go bhfuil tús, lár, agus deireadh ann más insint atá i gceist. mionsonraí tacaithe a chur ar fáil; stór focal cuí atá ag méadú a úsáid; Úsáideann daltaí teanga a chuireann míniú agus cur síos breise ar fáil, rud a fhágann go bhfuil a gcuid scríbhneoireachta níos suimiúla don léitheoir.
<ul style="list-style-type: none"> smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus i láthair i bhfoirmeacha agus i bhformáidí éagsúla, agus acmhainní traidisiúnta agus digiteacha in úsáid le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla; 	<ul style="list-style-type: none"> an fhoirm a úsáid mar is cuí; Tig le daltaí scríobh i bhfoirm áirithe agus riachtanais na gcritéar ratha a chomhlíonadh, mar shampla, litir, liosta, dialann, scéal srl.
<ul style="list-style-type: none"> scríobh le cruinneas agus le hoilteacht atá ag méadú. 	<ul style="list-style-type: none"> tús abairtí éagsúla a úsáid; Tig le daltaí tús a chur le habairtí ar bhealaí éagsúla le go mbeidh an scríbhneoireacht níos suimiúla agus le hathrú a sheachaint. poncaíocht agus gramadach bhunúsach a úsáid go cruinn; Tig le daltaí ceannlitreacha, lánstadanna, comharthaí ceiste agus comharthaí uailbhreasa a úsáid. Tig le daltaí gramadach bhunúsach a úsáid amhail 'Rinne mé' / 'Ní dhearna mé'. Tig le daltaí abairtí a scríobh agus iad ag baint úsáid chuí as briathra, ainmfhocail, aidiachtaí agus dobhriathra. focail mhinice agus focail topaice a litriú agus a scríobh i gceart; Tig le daltaí straitéisí éagsúla litrithe agus a gcuid eolais ar chúrsaí fónaice a úsáid le focail a litriú mar is ceart. Tá siad eolach ar an dóigh le háiseanna a úsáid le litriú a sheiceáil más gá. peannaireacht chruinn atá comhsheasmhach maidir le méid a dhéanamh.

Leibhéal 4	Leibhéal 5
<p>I réimse d'fhoirmeacha, le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla, tig le daltaí:</p>	<p>I réimse d'fhoirmeacha, le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla, agus cásanna foirmiúla san áireamh, tig le daltaí:</p>
<ul style="list-style-type: none"> • pleanáil a dhéanamh agus úsáid a bhaint as an phleanáil; Tig le daltaí a gcuid scríbhneoireachta a phleanáil agus úsáid a bhaint as an phlean agus iad ag scríobh. • scríbhneoireacht a sheiceáil le feabhsuithe a dhéanamh sa chruinneas agus sa bhrí; Tig le daltaí a gcuid scríbhneoireachta a fheabhsú, aiseolas a chur san áireamh agus machnamh a dhéanamh ar chruinneas na ngnéithe seo a leanas: ábhar, brí, litriú, poncaíocht, gramadach agus struchtúr na n-abairtí. 	<ul style="list-style-type: none"> • athdhreachtú le cruinneas agus brí a fheabhsú; Tig le daltaí a gcuid oibre a athdhreachtú, aiseolas a chur san áireamh agus feabhsuithe a dhéanamh ar ábhar, friotal, litriú, poncaíocht, gramadach agus struchtúr na n-abairtí. Is féidir go mbeidh feabhsuithe ar an struchtúr agus ar an ábhar le sonrú fosta.
<ul style="list-style-type: none"> • smaointe, mothúcháin, idéanna agus barúlacha a chur in iúl, ag tabhairt fáthanna nuair is cuí; • scríbhneoireacht a struchtú, úsáid paragraf san áireamh; Tig le daltaí a gcuid scríbhneoireachta a eagrú sa dóigh go sreabhann sí go soiléir agus go bhfuil sí ábhartha don fhoirm agus don seánra ó thús deireadh. • brí a chur in iúl go soiléir, stór focal cuí agus leibhéal cuí mionsonraí in úsáid; 	<ul style="list-style-type: none"> • stór focal cruinn a úsáid le hidéanna, faisnéis ábhartha agus barúlacha a chur in iúl; Tig le daltaí stór focal/teanga atá sainiúil don ábhar a roghnú le smaointe, idéanna agus faisnéis ábhartha eile a chur in iúl go soiléir nó le tacú lena gcuid barúlacha. • scríbhneoireacht a struchtú go loighciúil soiléir; Tig le daltaí píosa scríbhneoireachta a chumadh ina gcuirtear an t-ábhar i láthair ar dhóigh shoiléir eagraithe agus ina mbaintear úsáid chuí as paragraif. Is dócha gur píosa sínte scríbhneoireachta a bheidh i gceist sa chás seo a bhfuil réamhrá, corp téacs agus conclúid le tabhairt faoi deara go soiléir ann, agus a chloíonn le gnásanna na foirme roghnaithe.
<ul style="list-style-type: none"> • roghnú ó réimse d'fhoirmeacha agus iad a úsáid de réir mar is cuí; Tig le daltaí foirm atá fóirsteanach do lucht léite agus do chuspóir na scríbhneoireachta a roghnú agus a úsáid, mar shampla, litir, ríomhphost, nóta nó blog. 	<ul style="list-style-type: none"> • scríbhneoireacht a mheaitseáil le cuspóir agus spriocghrúpa; Tig le daltaí a gcuid scríbhneoireachta a chur i láthair i bhfoirm chuí agus tig leo teanga a úsáid ar dhóigh a léiríonn go n-aithníonn siad go soiléir aidhm an taisc scríbhneoireachta agus an lucht léite ar a bhfuil an scríbhneoireacht dírithe. Baineann daltaí úsáid as struchtúr fóirsteanach, as teanga fhóirsteanach agus as léaráidí fóirsteanacha agus iad ag scríobh scéil nó ag déanamh cur i láthair atá dírithe ar dhaoine óga. • faisnéis a chur i láthair go héifeachtach, stíl foirmiúil á húsáid san áit chuí; Tig le daltaí faisnéis a chur i láthair ar dhóigh atá fóirsteanach don tasc. Tig leo píosa sínte a scríobh agus cloí leis an stíl ó thús deireadh agus iad ag scríobh litir foirmiúil, mar shampla, le gearán a dhéanamh le Teachta Parlaiminte faoi ghanntanas áiseanna do dhaoine óga ina gceantar.
<ul style="list-style-type: none"> • réimse de struchtúir abairtí a úsáid; Tig le daltaí struchtúir éagsúla abairte a úsáid. • réimse de phoncaíocht a úsáid go cruinn; Baineann daltaí úsáid as réimse níos leithne poncaíochta, camóga, uaschamóga agus comharthaí athfhriotalail san áireamh. • gramadach agus litriú cruinn a úsáid bunús an ama. Tig le daltaí aimsirí a úsáid mar is cuí taobh istigh den fhoirm scríbhneoireachta roghnaithe. Tig leo formhór na bhfocal coitianta a litriú. 	<ul style="list-style-type: none"> • struchtúir abairtí a chruthú a chuidíonn le brí a chur in iúl; Tig le daltaí fad agus struchtúr na n-abairtí a athrú sa dóigh go mbeidh teachtaireacht shoiléir ag gach abairt taobh istigh den téacs. • réimse poncaíochta a úsáid go comhsheasmhach cruinn; Tig le daltaí réimse de chomharthaí poncaíochta coitianta a roghnú agus a úsáid go cruinn comhsheasmhach ar dhóigh a thacaíonn go soiléir le brí na scríbhneoireachta. • gramadach cruinn agus litriú cruinn a úsáid. Tig le daltaí focail choitianta chomh maith le roinnt focal neamhchoitianta a litriú mar is ceart. Tig le daltaí gnásanna na gramadaí a chur i bhfeidhm.

Leibhéal de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte

Riachtanais le hAghaidh Cumarsáide

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna a fhorbairt in:

Scríbhneoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

Leibhéal 5

I réimse d'fhoirmeacha, le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla, agus cásanna foirmiúla san áireamh, tig le daltaí:

- labhairt ar obair, í a phleanáil agus a chur in eagar;

- **athdhréachtú le cruinneas agus brí a fheabhsú;**
Tig le daltaí a gcuid oibre a athdhréachtú, aiseolas a chur san áireamh agus feabhsuithe a dhéanamh ar ábhar, friotal, litriú, poncaíocht, gramadach agus struchtúr na n-abairtí. Is féidir go mbeidh feabhsuithe ar an struchtúr agus ar an ábhar le sonrú fosta.

- faisnéis, brí, mothúcháin, samhluithe agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh shoiléir eagraithe;

- **stór focal cruinn a úsáid le hidéanna, faisnéis ábhartha agus barúlacha a chur in iúl;**
Tig le daltaí stór focal/teanga atá sainiúil don ábhar a roghnú le smaointe, idéanna agus faisnéis ábhartha eile a chur in iúl go soiléir nó le tacú lena gcuid barúlacha.
- **scríbhneoireacht a struchtúru go loighciúil soiléir;**
Tig le daltaí píosa scríbhneoireachta a chumadh ina gcuirtear an t-ábhar i láthair ar dhóigh shoiléir eagraithe agus ina mbaintear úsáid chuí as paragraif. Is dócha gur píosa sínte scríbhneoireachta a bheidh i gceist sa chás seo a bhfuil réamhrá, corp téacs agus conclúid le tabhairt faoi deara go soiléir ann, agus a chloíonn le gnásanna na foirme roghnaithe.

- smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus i láthair i bhfoirmeacha agus i bhformáidí éagsúla, agus acmhainní traidisiúnta agus digiteacha in úsáid le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla;

- **scríbhneoireacht a mheaitseáil le cuspóir agus spriocghrúpa;**
Tig le daltaí a gcuid scríbhneoireachta a chur i láthair i bhfoirm chuí agus tig leo teanga a úsáid ar dhóigh a léiríonn go n-aithníonn siad go soiléir aidhm an tasc scríbhneoireachta agus an lucht léite ar a bhfuil an scríbhneoireacht dírithe. Baineann daltaí úsáid as struchtúr fóirsteanach, as teanga fhóirsteanach agus as léaráidí fóirsteanacha agus iad ag scríobh scéil nó ag déanamh cur i láthair atá dírithe ar dhaoine óga.
- **faisnéis a chur i láthair go héifeachtach, stíl foirmiúil á húsáid san áit chuí;**
Tig le daltaí faisnéis a chur i láthair ar dhóigh atá fóirsteanach don tasc. Tig leo píosa sínte a scríobh agus cloí leis an stíl ó thús deireadh agus iad ag scríobh litir foirmiúil, mar shampla, le gearán a dhéanamh le Teachta Parlaiminte faoi ghanntanas áiseanna do dhaoine óga ina gceantar.

- scríobh le cruinneas agus le hoilteacht atá ag méadú.

- **struchtúir abairtí a chruthú a chuidíonn le brí a chur in iúl;**
Tig le daltaí fad agus struchtúr na n-abairtí a athrú sa dóigh go mbeidh teachtaireacht shoiléir ag gach abairt taobh istigh den téacs.
- **réimse poncaíochta a úsáid go comhsheasmhach cruinn;**
Tig le daltaí réimse de chomharthaí poncaíochta coitianta a roghnú agus a úsáid go cruinn comhsheasmhach ar dhóigh a thacaíonn go soiléir le brí na scríbhneoireachta.
- **gramadach chruinn agus litriú cruinn a úsáid.**
Tig le daltaí focail choitianta chomh maith le roinnt focal neamhchoitianta a litriú mar is ceart. Tig le daltaí gnásanna na gramadaí a chur i bhfeidhm.

Scríbhneoireacht Leibhéal 1-7

Leibhéal 6	Leibhéal 7
<p>I réimse d'fhoirmeacha, le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla, cásanna foirmiúla agus cásanna neamhchoitianta san áireamh, tig le daltaí:</p>	<p>I réimse d'fhoirmeacha, le haghaidh cuspóirí difriúla agus i gcomhthéacsanna difriúla, spriocghrúpaí fíora, cásanna foirmiúla agus cásanna neamhchoitianta san áireamh, tig le daltaí:</p>
<ul style="list-style-type: none"> • scríbhneoireacht a athdhreachtú ar mhaithe le héifeacht; Tig le daltaí a gcuid oibre a athdhreachtú go neamhspleách, agus an teanga agus an struchtúr atá roghnaithe acu a chosaint. 	<ul style="list-style-type: none"> • roghanna idirdhealaitheacha a dhéanamh maidir le teanga ar mhaithe le héifeacht a chruthú; Tig le daltaí, mar chuid den phróiseas eagarthóireachta, focail agus frásaf áirithe a roghnú agus a úsáid go comhfhiosach le dul i bhfeidhm ar an léitheoir/an lucht léite.
<ul style="list-style-type: none"> • idéanna, faisnéis agus barúlacha a chur in iúl agus barúlacha a chosaint; Tig le daltaí struchtúr a úsáid ar mhaithe le héifeacht bheartaithe. Forbraíonn siad a gcuid smaointe agus barúlacha, bíonn siad dírithe ar an ábhar agus coinníonn siad suim an lucht léite. Tig leo stór focal sofaisticiúil a úsáid ó am go chéile. • faisnéis agus fianaise a úsáid le tacú le hidéanna agus le barúlacha; Tig le daltaí faisnéis a úsáid mar fhianaise le tacú le dearthaí. Tig leo staitisticí ar rátaí murtaill a úsáid, mar shampla, le tacú le bileog shláinte ar aiste bia folláin. 	<ul style="list-style-type: none"> • idéanna agus barúlacha casta a chur in iúl ar dhóigh leanúnach fhorbartha; Tig le daltaí struchtúr a úsáid ar mhaithe le héifeacht bheartaithe. Tig leo smaointe agus barúlacha casta a fhorbairt, bíonn siad dírithe ar an ábhar agus cothaíonn siad suim an lucht léite. Tig leo stór focal sofaisticiúil a úsáid agus smaointe agus barúlacha casta á gcur in iúl acu, agus tá féith na scríbhneoireachta le sonrú ina gcuid oibre, agus iad ag scríobh alt aorach le haghaidh foilseacháin, mar shampla. • faisnéis agus fianaise a úsáid le tacú lena gcuid idéanna, anailíse agus tátal; Tig le daltaí faisnéis agus fianaise a aimsiú go neamhspleách agus iad a chumas go héifeachtach lena dteachtairacht a threisiú, staitisticí ar mhurtall ó shuíomh gréasáin na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) a úsáid, mar shampla, le tacú le hargóint agus lena chur ina luf ar an léitheoir go bhfuil bia folláin riachtanach.
<ul style="list-style-type: none"> • scríbhneoireacht a eagrú agus a chur i láthair ar mhaithe le héifeacht bheartaithe; Tig le daltaí faisnéis a chur i láthair le dul i bhfeidhm ar an lucht léite ar bhealach ar leith, agus iad ag scríobh alt nuachtáin ar an tionchar a bhí ag tubaiste nádúrtha ar dhaoine i dtír i mbéal forbartha, mar shampla. • úsáid chuí a bhaint as stíl agus ton; Tig le daltaí cinntí a dhéanamh ar cé chomh foirmiúil/ neamhfoirmiúil, cé chomh hoibiachtúil/suibíachtúil, cé chomh faisnéiseach/háititheach srl. ba chóir don scríbhneoireacht a bheith i dtaca le lucht léite agus cuspóir de. Tig leo ton cuí a úsáid lena dteachtairacht a chur in iúl chomh maith, teanga chorráitheach a úsáid i bhfógra raidió le hairgead a bhailiú do dhaoine a tháinig slán as crith talún, mar shampla. 	<ul style="list-style-type: none"> • stíl, ton agus cur i láthair a mheaitseáil ar mhaithe le héifeacht a chruthú; Tig le daltaí téacs suntasach a chruthú, trí stíl, ton agus cur i láthair a chur in oiriúint dá chéile agus a ionramháil, agus iad ag scríobh alt íogair le haghaidh irise, mar shampla, ar na himpleachtaí eiticíúla a bhaineann le húsáid ainmhithe i dtaighde eolaíoch.
<ul style="list-style-type: none"> • struchtúir abairtí a chuireann brí in iúl go soiléir a chruthú; Tig le daltaí fad agus struchtúir abairtí a athrú d'aon ghnó ar mhaithe le héifeacht inmhianaithe nó le tacú le brí a gcuid scríbhneoireachta. Beidh soiléireacht le sonrú ina gcuid scríbhneoireachta agus beidh an chomhréir beacht. • poncaíocht a úsáid ar mhaithe le héifeacht; Tig le daltaí focail choitianta agus roinnt focal níos sofaisticiúla a litriú mar is ceart. Tig le daltaí gnásanna gramadaí a chur i bhfeidhm. Tig le daltaí poncaíocht a úsáid go cruinn comhsheasmhach ar mhaithe le héifeacht, lúibíní a úsáid, mar shampla, ar mhaithe le héifeacht ghrinn, 'fear dathúil a bhí ann (sin a shíl sé féin cibé!)'. • úsáid a bhaint as teanga agus abairtí casta. 	<ul style="list-style-type: none"> • abairtí casta a chruthú ar mhaithe le héifeacht; Tig le daltaí fad agus struchtúr na n-abairtí a athrú d'aon ghnó ar mhaithe le héifeacht nó le cur le brí na scríbhneoireachta, sraith abairtí gearra a úsáid le teannas a chruthú ina gcuid scríbhneoireachta, mar shampla. • poncaíocht a úsáid ar mhaithe le héifeacht; Tig le daltaí poncaíocht a úsáid go cruinn comhsheasmhach ar mhaithe le héifeacht, réimse de phoncaíocht amhail focalbhá, leathstadanna agus camóga a úsáid le teannas nó luas a chruthú, mar shampla. • úsáid a bhaint as teanga agus abairtí casta.

Leibhéal de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte

Sainmhíniú ar théarmaí

Léirbhrí

Smaointe agus faisnéis a chuirtear in iúl go beacht soiléir agus a fhágann nach féidir aon tátal a bhaint.

Brí intuigthe

Teachtaireacht chaolchúiseach taobh istigh de théacs a fhágann go gcaithfear tátal a bhaint, i bhfinscéal, mar shampla, nó i bhfáthscéal.

Seánra

Cineál téacs, a dhéantar a rangú de réir gnéithe ar leith teanga, Insint, mar shampla, nó Tuairisc.

Foirm

Téacs taobh istigh de sheánra atá struchtúrtha ar dhóigh a oireann don aidhm mholta agus don spriocghrúpa, cárta poist nó dialann mar shampla, taobh istigh den seánra Athinsint; oideas nó sraith treoracha taobh istigh den seánra Modh Oibre.

Foilseachán de chuid CCEA © 2012



COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
☎ +44 (0)28 9026 1200 ☎ +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063

29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk